# 1. Faisnéis faoin Dámhachtain Sparánachta Ceoil

**Tabhair faoi deara: Ba cheart d'ealaíontóirí gairmiúla sa cheol Gaelach traidisiúnta iarratas a dhéanamh ar Dhámhachtain Sparánachta na nEalaíon Traidisiúnta.**

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is é cuspóir na Dámhachtana Sparánachta Ceoil tacú le healaíontóirí gairmiúla aonair i réimse an Cheoil chun a gcuid cleachtas ealaíonta a fhorbairt go mór.

Díríonn an dámhachtain ar an luach agus ar an tairbhe a bhaineann ealaíontóirí, ag céim ar bith dá ngairmréim ghairmiúil, as tréimhse fhadaithe i mbun cleachtaidh ealaíonta. Mar sin, tugann an dámhachtain am agus acmhainní do na healaíontóirí chun smaoineamh, taighde agus machnamh a dhéanamh agus chun dul i ngleic lena gcleachtas ealaíonta trína chur ar a gcumas ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Am dírithe a chaitheamh ar a gcuid cleachtas ealaíonta a fhorbairt go mór.
- Am a chaitheamh ag déanamh taighde/ag smaoineamh/ag forbairt smaoineamh nua lena scaipeadh ar leith
- Am dírithe a chaitheamh ag forbairt a gcuid scileanna teicniúla i réimse ar leith nó ag forbairt/ag foghlaim scileanna nua maidir lena gcleachtas nó réimse spéise
- Am a chaitheamh ag obair le meantóir, nó comhoibrí/comhoibrithe chun smaoineamh a fhorbairt, nó chun cabhrú le réimse ar leith dá gcleachtas, nó réimse a bhaineann lena gcleachtas, a fhorbairt nó a uas-sciliú
- Tabhairt faoi thréimhse ghairid oiliúna trí mháistir-ranganna nó deiseanna oiliúna gairmiúla eile (bíodh sin go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta)
- Méid teoranta trealaimh agus ábhar a cheannach chun cabhrú le forbairt a gcleachtais (**Tabhair faoi deara:** ní féidir níos mó ná 15% de luach an iarratais iomláin ar thacaíocht a chaitheamh air sin).

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha:

- Tograí a chuireann ar chumas cumadóirí nó taibheoirí atá ag obair in aon seánra am a cheannach chun a gcleachtas ealaíonta a fhorbairt go mór.

dTeimpléad Íocaíochtaí ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

**Tabhair faoi deara:** is cuma má úsáideann tú teimpléad na Comhairle Ealaíon nó do cháipéis féin, ní mór an dá chineál costas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thaispeáint ar leithligh.

Lena fháil amach faoin mbealach a ndéanann muid d'iarratas a mheas, féach ar chuid 3 de na treoirlínte thíos.

### Cén seans atá agat tacaíocht a fháil?

Is dámhachtain fhíor-iomaíoch í seo. Faightear i bhfad níos mó iarratas ná mar is féidir leis an gComhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt dóibh. Go ginearálta, bíonn éileamh idir ceithre agus cúig huaire níos mó ná an buiséad atá ar fáil ar an dámhachtain.

I gcás go moltar tograí i gcomhair maoiniú, déanfaimid iarracht nuair is féidir na méideanna iomlána a iarradh a sholáthar. Mar sin féin, coimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart chun méid níos lú a thairiscint d'iarratasóirí ná a iarradh, má mheastar tograí a bheith indéanta ar scála laghdaithe.

## 1.7 Cad air nach féidir leat iarratas a dhéanamh?

Ní fhéadfaidh tú cur isteach ar níos mó ná dámhachtain sparánachta amháin i réimse aon fhoirme ealaíne nó aon chleachtais ealaíon in aon bhabhta maoiniúcháin amháin – e.g. dhá iarratas a chur isteach ar Dhámhachtain Sparánachta Scannáin nó cur isteach ar Dhámhachtain Sparánachta Damhsa agus ar Dhámhachtain Sparánachta Amharclannaíochta.

Ní féidir leat cur isteach ar Thograí, ar ghníomhaíochtaí agus ar chostais:

- Nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana – má bhíonn tú in amhras maidir leis an dámhachtain/scéim ar cheart iarratas a dhéanamh uirthi, léigh na treoirlínte ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon. Mura bhfuil sé soiléir fós, faigh comhairle ó fhoireann na Comhairle Ealaíon (sonraí teagmhála ar an suíomh gréasáin)
- A d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon nó atá á feidhmiú ag eagraíochtaí eile ar son na Comhairle Ealaíon
- Ar tionscadail taifeadta iad le scaipeadh go poiblí – ba cheart do na hiarratasóirí a bhfuil baint ag a bpríomhghníomhaíocht le taifeadadh a

